



Scéim Teanga LGMA 2017 - 2020

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

CAIBIDIL 1 - RÉAMHRÁ

- 1.1 *Réamhrá & Cúlra*
- 1.2 *Ullmhú agus Ábhar na Scéime*
- 1.3 *Dáta Tosaithe na Scéime Teanga*

CAIBIDIL 2 - FORLÉARGAS AR AN nGÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

- 2.1 *Réamhrá*
- 2.2 *Custaiméirí & Cliaint*
- 2.3 *Struchtúr na Gníomhaireachta*

CAIBIDIL 3 - MEASÚNÚ AR AN MÉID SEIRBHÍSÍ ATÁ AR FÁIL I nGAEILGE CHEANA FÉIN

- 3.1 *Cáipéisíocht/seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge*

CAIBIDIL 4 - FEABHSÚ AR SHEIRBHÍSÍ A BHEIDH AR FÁIL GO DÁT HEANGACH

- 4.1 *Comhfhreagras*
- 4.2 *Suíomh Gréasáin agus Ríomhphost*
- 4.3 *Foilseacháin*
- 4.4 *Córais Teicneolaíochta Faisnéise*
- 4.5 *Modhanna Cumarsáide leis an bPobal*
- 4.6 *Earcú agus Soláthar Foirne*

CAIBIDIL 5 - CUMAS GAEILGE NA GNÍOMHAIREACHTA A FHEABHSÚ

- 5.1 *Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú*

1 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

1.1 Réamhrá & Cúlra

D'iarr an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (“an Ghníomhaireacht”) scéim a ullmhú faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Déanann Alt 11 socrú ar ullmhú scéime reachtúla i gcás comhlachtaí poiblí ina dtugtar eolas faoi na seirbhísí a sholathróidh siad.

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a bheidh le cur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfaidh an comhlacht soláthar trí mheán na Gaeilge ar aon seirbhís nach bhfuil soláthar uirthi laistigh de chreat ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Is é seo an dara scéim teanga de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Tá sé mar phrionsabal ag an nGníomhaireacht gur ceart soláthar na seirbhísí Gaeilge a bhunú ar réimse tosa lena n-áirítear:

- an t-éileamh ar sheirbhísí dá leithéid
- tábhacht cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge; agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas na Gníomhaireachta chun rochtáin a fháil agus forbairt a dhéanamh ar an inniúlacht riachtanach teanga chun na seirbhísí sin a sholáthar.

De réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht, chuir an Ghníomhaireacht próiseas comhairliúcháin i gcrích lenár gcustaiméirí, arb iad faighteoirí díreacha nó neamhdhíreacha ár seirbhíse. D’fhoilsigh an Ghníomhaireacht fógra dátheangach freisin, faoi Alt 13 den Acht, ar an suíomh gréasáin Tuairisc.ie ar an 29 Meitheamh suas go dtí an 14 Iúil. Lorg an fógrán sin aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i dtaca le hullmhú na dréachscéime faoi Alt 11.

Cuireadh suirbhé inmheánach i gcrích freisin chun an leibhéal cumais ó thaobh na Gaeilge sa Ghníomhaireacht a fháil amach.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime Teanga

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirtear tús leis an scéim le héifeacht ó 2017 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

2 Forléargas ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

2.1 Réamhrá

Is gníomhaireacht stáit í an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (www.lgma.ie) ar bunaíodh í in 2012.

Is Údarás Áitiúla a mhaoiníonn an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil den chuid is mó, agus feidhmíonn sí in earnáil an rialtais áitiúil, ag tuairisciú ar fheidhmíocht de réir mar is gá dár máthair-roinn, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Is é aidhm na Gníomhaireachta riachtanais na n-údarás áitiúil agus na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh chun freastal ar chlár oibre athchóirithe in earnáil an rialtais áitiúil (go háirithe maidir le cur chuige earnála chun seirbhís a sholáthar), ag déanamh taighde ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn nó atá aitheanta, ag cabhrú le húdarás áitiúla maidir le hathrú a chur i bhfeidhm agus a mheas, agus ag tacú tríd is tríd, le feidhmíocht fheabhsaithe ó earnáil an rialtais áitiúil.

2.2 Custaiméirí & Cliant

Cuimsíonn rialtas áitiúil in Éirinn 31 contae/cathair atá ag feidhmiú laistigh de chreat dlíthiúil atá sainnithe den chuid is mó ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá athrú as cuimse tagtha ar an teicneolaíocht agus an bonneagar laistigh den earnáil ina bhfeidhmíonn an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le 35 bliain.

Tá na fórsaí seachtracha den chlár oibre ríomhRialtais níos ginearálta in Éirinn agus ar leibhéal na hEorpa araon ag brú athrú chun cinn ar ráta nach bhfacthas riamh roimhe seo. Tugann an ré nua seo orainn athmhachnamh a dhéanamh ar conas a rachaidh earnáil phoiblí i bhfad níos fearr chun leas an phobail ar fad. Cuimsíonn sé seo soláthar seirbhísí do shaoránaigh agus do lucht gnó, bearta éifeachtúlachta agus éifeachtachta maidir le húsáid acmhainní poiblí, agus rannpháirtíocht saoránach i bpróiseas daonlathach an rialtais chun a gcuimsiú agus a gcumasú a chinntiú.

Braithfidh cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Straitéiseach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar an gcomhpháirtíocht leithleach idir an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus údarás áitiúla maidir le gach gné de na straitéisí ag forbairt na comhthuisceana doimhne agus roinnte a chinntíonn go bhfuil an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil lánfheasach agus lándirthe ar cheisteanna atá tábhachtach ó thaobh na straitéise d'údarás áitiúla.

2.3 Struchtúr na Gníomhaireachta

Tá an eagraíocht struchtúrtha mar a bheadh sraith gnéithe comhcheangailte agus comhlántacha, atá roinnte ina cúig réimse leathana i dtaca le gníomhaíocht straitéiseach:

- *Cabhrú le húdaráis áitiúla maidir le leagan amach agus bunú seirbhísí sainnithe comhroinnte don Earnáil*
- *Ceannaireacht a léiriú, tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le Straitéis agus Beartas acmhainní daonna, oiliúint agus forbairt, sláinte & sábháilteacht, an lucht bainistíochta a athrú, cosaint leanaí, comhionannas, comhpháirtíocht san ionad oibre agus forbairt leabharlann*
- *Tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le hidirbheartaíocht náisiúnta acmhainní daonna, ionadaíocht ghairmiúil agus seirbhísí comhairleacha*
- *Soláthar na príomhsheirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá de dhíth ar údarás áitiúil trí mheascán d'eolas earnála, scileanna teicniúla & cumas teicniúil agus barainneacht scála.*
- *Sainchomhairle teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a thabhairt sna línte grúpa cláir maidir le seirbhísí gnó agus corparáideacha de chuid údaráis áitiúla, an tacaíocht chuí bonneagair agus fheidhmeach agus gníomhaíochtaí taighde & forbartha a chur ar fáil chun seirbhísí na hearnála a chothú.*
- *Tá an Oifig Bainistíochta Rialtais Áitiúil (OLAM) ann chun oibriú i gcomhar le rialtas lárnach, áitiúil agus tríú páirtithe eile agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar son earnáil an rialtais áitiúil i lear mór réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar údaráis áitiúla.*

3 Measúnú ar an Méid Seirbhísí atá ar fáil I nGaeilge Cheana Féin

Ní bhíonn ardleibhéal teagmhála díri ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, i bhfianaise scóip a feidhmeanna agus a hoibre, ná ní sholáthraíonn sí scéimeanna agus seirbhísí, go díreach ná go neamhdhíreach, do dhaoine aonair sa phobal.

Soláthraíonn sí scéimeanna agus seirbhísí áfach d'údaráis áitiúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh na scéimeanna agus na córais sin ar fáil don phobal i gcoitinne ach is é an t-údarás áitiúil atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar, go díreach nó go neamhdhíreach, do dhaoine aonair sa phobal. Tá roinnt de na córais atá ar fáil don phobal i gcoitinne a bhfuil tacaíocht acu agus áta atá á gcothú faoi láthair ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar fáil i nGaeilge.

Soláthraíonn an Gníomhaireacht na seirbhísí i mBéarla go príomha ach amháin na cáipéisí a fhoilsítear i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi Alt 10 den Acht. Foilsítear cáipéisí mar Thuarascáil Bhliantúil, Cuntais Airgeadais agus Cáipéisí Straitéiseacha i nGaeilge agus i mBéarla araon.

3.1 Cáipéisíocht/seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge

De bharr chineál na Gníomhaireachta, tá sciar maith den cháipéisíocht lasmuigh de scóip na scéime faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá sé seo amhlaidh de bharr go bhfuil an cháipéisíocht ann le haghaidh cuspóirí inmheánacha nó de bharr chineál na seirbhísí teicniúla agus ní chuirtear ar fáil í don phobal ná d'aicmí áirithe den phobal. Mar sin, beidh na cáipéisí sin ar fáil i mBéarla amháin feasta.

I measc na gcáipéisí sainiúla nó teicniúla atá á soláthar ag an nGníomhaireacht agus nach bhfuil deartha le haghaidh an phobail tá cáipéisíocht a bhaineann le hiarratais tairisceana agus treoirlabhair theicniúla. Ina measc freisin tá sonraí a bhaineann le cáipéisí inmheánacha a d'ullmhaigh an Gníomhaireacht.

4 Feabhsú ar Sheirbhísí a Bheidh ar fáil go Dátheangach

4.1 Comhfhreagras

Gealltanais	
Déanfaidh an Gníomhaireacht comhfhreagras i nGaeilge leo siúd ar léir gurbh fhearr leo a gcomhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Tabharfar treoir don fhoireann taifead a choinneáil ar na daoine sin ar mhaithe leis an ngealltanais sin a chomhlíonadh.	Éigeantach

4.2 Suíomh Gréasáin agus Ríomhphost

Gealltanais	
Is féidir suíomh gréasáin na Gníomhaireachta a nascleanúint i nGaeilge agus i mBéarla araon. Tá leagan Gaeilge d'ábhar seasta an tsuímh ghréasáin ar fáil.	Éigeantach
Soláthraíonn an Gníomhaireacht ceanteidil agus séanta caighdeánacha ar chóras ríomhphost na Gníomhaireachta.	Éigeantach

4.3 Foilseacháin

I dteannta cáipéisí a thagann faoi scáth alt 10 den Acht, foilseofar an Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí go dátheangach. Beidh gach foilseachán de chuid na Gníomhaireachta ar fáil laistigh den chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais.	Éigeantach
I gcás go mbeidh foilseachán le cur ar fáil go dátheangach, glacfar leis nach mbeidh an cháipéis réidh le foilsiú mura mbeidh leagan ar fáil sa dá theanga.	Éigeantach
Cuirfear aon phreaseisiúint, bileog eolais agus bróisiúr (atá dírithe ar an ngnáthphobal) atá á n-eisiúint ag an nGníomhaireacht ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge go comhuaineach.	Éigeantach

4.4 Córais Teicneolaíochta Faisnéise

Gealltanais	Scála Ama
Déanfar éascaíocht ar sholáthar feidhmeanna i nGaeilge ar iarratas ó údarais áitiúla agus ó chustaiméirí eile, nuair a bheidh aon uasghrádú mór ar chórais atá ar fáil don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear córais idirghníomhacha, á chur i bhfeidhm ag brath ar cheisteanna comhoiriúnachta. Ó tharla gur córais choibhneasta an-chasta a forbraíodh go himmheánach ar feadh blianta fada iad roinnt de na córais, agus go bhfuil cúl-oiriúnú an-deacair, costasach agus dian ar acmhainní, beidh gá le hanailís tionchair maidir le gach uasghrádú.	Ar larratas
Déanfaidh an Gníomhaireacht éascaíocht ar údarais áitiúla agus ar chustaiméirí eile a dteastóidh uathu go mbeidh córais nua atá ar fáil don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear córais idirghníomhacha, a fhorbraíonn an Gníomhaireacht á soláthar d'aon chumarsáid atá ar fáil don phobal i gcoitinne (ar nós litreach, foirmeacha aiseolais, etc.) ón gcóras i nGaeilge agus i mBéarla araon.	Ar larratas
Déanfaidh an Gníomhaireacht éascaíocht ar údarais áitiúla agus ar chustaiméirí eile a dteastóidh uathu go mbeidh córais nua atá á soláthar don phobal i gcoitinne a fhorbraíonn an Gníomhaireacht ar fáil go dátheangach.	Ar larratas
Cinntoidh an Gníomhaireacht go sonrúfar aon chóras nua atá ar fáil don phobal i gcoitinne a sholáthróidh 3ú páirtí mar chóras dátheangach de réir mar a iarrann ár gcustaiméirí é nuair a bhíonn sé ar fáil agus laistigh d'amscálaí maidir le soláthar an chórais.	Ar larratas
Cinntoidh an Gníomhaireacht go mbeidh gach ríomhaire pearsanta agus printéir nua a cheannaítear lánábaltá an Ghaeilge a láimhseáil	Éigeantach

4.5 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Gealltanais	Scála Ama
Freagraíonn foireann na hoifige fáilte a bhíonn i mbun an lasc-chlár a oibriú le hainm na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil i nGaeilge agus i mBéarla; tá cleachtadh acu ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge, agus tá socruithe i bhfeidhm chun glaoiteoirí a aistriú chuig an tseirbhís chuí i nGaeilge. Leanfaimid orainn le uas-sciliú fhoireann an lasc-chláir thar roinnt scéimeanna.	Ar fáil faoi láthair

4.6 Earcú agus Soláthar Foirne

Gealltanais	Scála Ama
Cuirfear an Scéim Gaeilge i láthair gach comhalta foirne nua agus na himpleachtaí a bhaineann léi i dtaca leis an mbealach a dtéann sé/sí i mbun a c(h)uid oibre mar chuid dá (h)oiliúint ionduchtúcháin.	Ar fáil faoi láthair
Déanfar poiblíocht air de réir cleachtas comhionannais go gcuirfear fáilte roimh Ghaeilgeoirí, rompu siúd atá in ann cumarsáid a dhéanamh go dátheangach agus Béarlóirí, dul isteach san fhórsa saothair.	Ar fáil faoi láthair
Cuirfear rochtain ar ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann	Ar fáil faoi láthair

5 Cumas Gaeilge na Gníomhaireachta a Fheabhsú

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta don leibhéal eolais agus cumais reatha i dtaobh scileanna Gaeilge atá ar fáil laistigh den Ghníomhaireacht a fhorbairt. Chun an leibhéal saineolais sa Ghaeilge i measc na foirne a chinntiú rinneadh suirbhé ar an bhfoireann inar iarradh orthu a gcumas scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha i nGaeilge a mheas. Cé go bhfuarthas an-chuid freagraí, is léir gur tugadh le fios go bhfuil an leibhéal cumais reatha chun déileáil le ceisteanna riaracháin agus teicniúla trí Ghaeilge sórt teoranta.

Beidh gá le hiarracht shuntasach thar thréimhse mhaith blianta chun leibhéal an eolais agus an chumais a mhéadú i leith na Gaeilge. Is í an bhunmheicníocht chun cur le cumas na Gníomhaireachta níos mó dá gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ná foireann na Gníomhaireachta a oiliúint agus a fhorbairt. Ina fhianaise sin, agus mar chuid de thiomantas leanúnach d'fhonn oiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil don fhoireann chun riachtanais shíorathraitheacha chustaiméirí na Gníomhaireachta agus chun cumas na foirne a fhorbairt, tá sé beartaithe na céimeanna thíos a leanas a thabhairt thar thréimhse na scéime reatha:

- Déanfaidh an Ghníomhaireacht éascaíocht ar an bhfoireann, ar mhian leo freastal ar ranganna Gaeilge
- Cuirfear comhairle ar an bhfoireann maidir leis an réimse ranganna Gaeilge d'ardchaighdeán lasmuigh d'uaireanta oifige (i.e. Diplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge) agus cuirfear maoiniú airgeadais ar fáil don fhoireann a thugann faoi chúrsaí faoin gClár Cúnaimh Oideachais.

D'fhonn leibhéal agus caighdeán na seirbhísí a chuireann sí ar fáil go dátheangach don phobal a fheabhsú cuirfidh an Gníomhaireacht na bearta ginearálta agus sainiúla seo a leanas i bhfeidhm faoi dheireadh na scéime:

Cuirfear oiliúint ar fáil d'fháilteoir/oibreoirí lasc-chláir, arb iad an chéad phointe teagmhála leis an bpobal, chun cur ar a gcumas ainm na Gníomhaireachta a rá amach i nGaeilge agus chun eolas a chur ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.	Ar fáil faoi láthair
Aithneofar comhaltaí foirne atá sásta déileáil le fiosruithe gutháin i nGaeilge le 'G' ar liostaí uimhreacha gutháin a gcuirtear ar fáil d'fháilteoir/oibreoirí lasc-chláir.	Ar fáil faoi láthair

5.1 Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Tá an fhoireann ar an eolas faoi riachtanas na Gníomhaireachta chun an scéim seo a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuirfear saintreoir ar fáil dóibh siúd nár mhiste leo bearta Gaeilge a chur i gcrích. Cuirfear in iúl don fhoireann a bhfreagrachtaí faoin scéim ar go leor bealaí éagsúla. Déanfar poiblíocht go himheánach agus go seachtrach, trí phreaseisiúint i dtosach. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar aghaidh é chuig an bhfoireann ar fad agus chuig gníomhaireachtaí cuí. Is féidir leas a bhaint as modhanna poiblíochta eile chun an scéim a phoibliú, mar shampla:

- **Seoladh Oifigiúil**
- **Fógraíocht Soláthairtí**

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an leagan Béarla an leagan bunaidh.